AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002**

# EALAÍN –

# STAIR AGUS LÉIRTHUISCINT NA hEALAÍNE

## ARDLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 17 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 pm go dtí 4.30 pm

---

Tá 150 marc ag dul don pháipéar seo.

**TREORACHA**

(a) Scríobh an oiread agus is féidir leat ar **thrí cheist**. Ba chóir **ceist amháin** a roghnú as Roinn 1, **ceist amháin** as Roinn 11, agus **ceist amháin** as Roinn 111.

(b) Is ionann na marcanna do gach ceist. (50)

(c) Is gá **sceitsí agus léaráidí** a úsáid cibé áit ar féidir chun do chuid pointí a léiriú.

(d) **Déan tagairt do na léaráidí atá ar an mbileog faoi iamh de réir mar is gá.**

---

# ROINN I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Is féidir an láithreán seandálaíochta ag Brú na Bóinne a thuiscint i dtéarmaí ealaíne agus i dtéarmaí ailtireachta araon. Pléigh an ráiteas seo, agus bíodh tagairt i do fhreagra don struchtúr, don mhaisiúchán agus don fheidhm.

**2.** Déan cur síos agus plé ar "Choróin Phetrie", **a léirítear ar an mbileog faoi iamh.** Bíodh tagairt i do fhreagra don fhoirm, don mhaisiúchán, don fheidhm a d'fhéadfadh a bheith léi, agus do na teicnící miotalóireachta ar baineadh úsáid astu agus í á táirgeadh.

**3.** Bhí an stíl Rómánúil Éireannach ardmhaisithe mar is léir ar an snoíodóireacht cloch ar shéipéil na haimsire sin. Pléigh an ráiteas seo, agus bíodh tuairisc bheacht agat ar dhá shampla, agus tagairt agat don íomháineachas agus don mhaisiúchán a d'úsáidtí.

**4.** Déan cur síos agus plé ar theacht chun cinn na gcros cloiche in Éirinn. Luaigh samplaí cruinne agus bíodh tagairt i do fhreagra d'fhoirm, d'íomháineachas, do mhaisiúchán, do theicnící shaoirseacht cloch agus don fheidhm a bhí leo.

**5.** Déan cur síos agus plé an-bheacht ar fhoirghneamh amháin poiblí **<u>agus</u>** ar fhoirgneamh amháin príobháideach sa ré Sheoirseach. Bíodh tagairt i do fhreagra don stíl ailtireachta, do na sainghnéithe struchtúrtha agus don tionchar Clasaiceach.

**6.** Déan cur síos agus plé ar úsáid an mhaisúcháin stucco sa ré Sheoirseach. Bíodh tagairt i do fhreagra do roinnt samplaí tábhachtacha, don íomháineachas agus do na móitífeanna a d'úsáidtí agus d'éifeacht fhísiúil an mhaisiúcháin stucco ar an taobh istigh.

**7.** Déan cur síos agus plé an-bheacht ar dhá shaothar le péintéir tírdhreacha ar bith ón 18ú nó ón 19ú haois. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don stíl agus don teicníc phéintéireachta, don cheapadóireacht agus don dath.

**8.** Roghnaigh duine AMHÁIN de na healaíontóirí seo a leanas: Walter Osborne, Albert Power, Mainie Jellett, Gerard Dillon, Camille Souter, Martin Gale, Barrie Cooke, Pauline Bewick, Dorothy Cross, Felim Egan, Kathy Prendergast. Déan cur síos agus plé ar a s(h)aothar ealaíne, agus bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don íomháineachas, do na meáin agus do na hábhair a úsáidtear. Bíodh do chuid tuairimí féin fite fuaite tríd an bhfreagra agat.

## ROINN II – An Ealaín Eorpach (1000 AD go dtí Inniu)

**9.** Déan cur síos agus plé ar na saintréithe ba mhó ag an dealbhóireacht agus ag an ailtireacht Rómánúil. Bíodh tagairt shonraithe agat i do fhreagra do mhórshampla amháin ar a laghad i ngach cás.

**10.** Bíonn an dealbhóireacht Ghotach nasctha go dlúth leis an ailtireacht a mhaisíonn sí. Pléigh an ráiteas seo agus bíodh tagairt shonraithe agat d'ardeaglais ón ré seo.

**11.** Déan cúr síos agus plé ar shaintréithe stíl phéintéireachta Piero della Francesca (c. 1410/20 – 1492). Bíodh tagairt agat i do fhreagra don cheapadóireacht, do láimhseáil na fíorach daonna, do léiriú an spáis, agus don úsáid datha in "Baisteadh Chríost", **a léirítear ar an mbileog faoi iamh**, agus déan tagairt do na gnéithe céanna maidir le saothar eile dá chuid.

**12.** Bhí tionchar ag ealaín na hIodáile ar Albrecht Durer (1471-1528) mórealaíontóir de chuid na hAthbheochana i dTuaisceart na hEorpa. Pléigh an ráiteas seo, agus bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, do na meáin agus don stíl in dhá shampla ar a laghad dá shaothar.

**13.** Léiriú ar dhrámaíocht na stíle Barócaí is ea "Eacstais San Teresa" le Gianlorenzo Bernini (1598-1680). Déan cur síos agus plé ar an dealbhóireacht seo, agus bíodh tagairt agat i do fhreagra do shaothar amháin eile le Bernini.

**14.** Déan cur síos agus plé, chomh beacht agus is féidir, ar cheann amháin díobh seo a leanas:
- (a) péintéireacht d'uisce agus/nó scáileanna
- (b) péintéireacht Impriseanach thírdhreacha
- (c) péintéireacht duine ríoga, nó duine den uasaicme nó Pápa
- (d) altóirphíosa
- (e) dealbhóireacht thipiciúil de chuid na hAthbheochana
- (f) sfumato
- (g) saothar ealaíne Eispriseanachas.

Ní mór duit a chur in iúl go soiléir cén fáth a measann tú gur dea-shampla ina chatagóir féin é saothar a roghnaigh tú. Bíodh tagairt shoiléir agat do stíl agus do theicníc an ealaíontóra agus don úsáid ábhar agus datha aige. Bíodh tagairt ghonta agat freisin do shaothair eile an ealaíontóra seo. Bíodh do chuid tuairimí féin fite fuaite tríd an bhfreagra agat.

**15.** Roghnaigh ealáiontóir AMHÁIN díobh seo a leanas:
- (i) Jean Antoine Watteau (1684-1721)
- (ii) Jean-Baptiste-Siméon Chardin (1699-1779)
- (iii) Joseph Mallord William Turner (1775-1851)
- (iv) John Constable (1776-1837)

Déan cur síos agus plé ar a shaothar, agus tagairt agat i do fhreagra don ábhar tipiciúil, don cheapadóireacht, don teicníc agus don úsáid datha.

**16.** Cén fáth a raibh oiread nuálaíochta ag baint le saothar na nImpriseanaithe i gcomparáid le saothar na bpéintéirí Acadúla? Bíodh tagairt an-bheacht agat do bheirt ealaíontóirí ar a laghad, agus pléigh ábhar na saothar, teicníc, dath agus solas, sa fhreagra agat.

**17.** Déan cur síos agus plé ar dhá phéintéireacht le Paul Cezanne (1839-1906). Bíodh tagairt agat i do fhreagra don stíl ar leith a bhí aige, don úsáid datha aige agus don cheapadóireacht sa dá shaothar. Déan plé achomair ar an tionchar a bhí aige ar fhorbairt na healaíne nua-aimseartha.

**18.** Nascann "An Phóg" le Gustav Klimt (1862-1918), **a léirítear ar an mbileog faoi iamh,** gnéithe réalaíocha agus gnéithe maisiúla sa phéintéireacht chéanna. Déan anailís ar an bpéintéireacht seo, agus bíodh tagairt agat don ráiteas thuas, don cheapadóireacht, do láimhseáil na bhfíorach agus don úsáid datha, patrúin agus crutha.

# ROINN III – LÉIRTHUISCINT

**19.** Déan cur síos agus plé ar an achar suí faoin aer, láimh le foirgneamh coláiste, **a léirítear ar an mbileog faoi iamh**, agus béim á cur agat ar chúinsí físiúla. Ansin, dear dealbhóireacht saorsheasaimh **nó** painéal/painéil rilífe a chuirfeadh leis na gnéithe atá ann faoi láthair. Luaigh cúiseanna sonraithe le do chinní dearthóireachta.

**20.** Déan cur síos agus plé ar mhaisiú an tseomra, **a léirítear ar an mbileog faoi iamh.** Luaigh ansin na breiseanna agus/nó na hathruithe a mholfá – dath, nithe, lámhdhéantúsáin, fabraicí – a chuirfeadh leis an bhfeistiú atá ann faoi láthair. Luaigh cúiseanna sonraithe leis na breiseanna agus leis na hathruithe seo.

**21.** Léiríonn beoscannáin ghníomhaíochta uafáis, **nó** fantaisíochta **nó** ficsean eolaíochta imeachtaí nach bhféadfadh tarlú sa saol réadúil. Pléigh an ráiteas seo agus bíodh tagairt i do fhreagra agat do scannán amháin dá leithéid atá feicthe agat. Déan cur síos ar na meáin fhísiúla agus ar na teicnící a d'úsáid an déantóir scannáin sa scannán sin. Cuir béim ar na gnéithe físiúla seachas ar an scéal.

**22.** Baineann réimse leathan éifeachtaí pictiúrtha agus léiritheacha le líníocht agus le péintéireacht nach bhfuil ar acmhainn na fótagrafaíochta. Pléigh an ráiteas seo, agus léirigh pé acu an aontaíonn tú leis nó nach n-aontaíonn. Cuir taca le do thuairimí trí shamplaí de phéintéireachtaí, de líníochtaí agus d'fhótagraif a thabhairt.

**23.** Déan cur síos agus plé ar shéipéal Le Corbusier ag Ronchamp, **a léirítear ar an mbileog faoi iamh**, agus tú ag tagairt d'fhoirm dealbhóireachta an fhoirgnimh. Luaigh na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir é agus séipéal nó ardeaglais eile ar bith maidir le foirm, ábhair, maisiúchán agus éifeacht fhísiúil iomlán.

**24.** Dá mbeifeá le coimisiúnú a dhéanamh ar phortráid phéinteáilte **nó** ar bhusta portráide cré-umha nó marmair díot féin, cén ceann a roghnófá? Luaigh cúiseanna sonraithe le do rogha, agus comparáid agat i do fhreagra idir acmhainn fhísiúil agus theicniúil an dá mheán don phortráidíocht. Luaigh péintéireachtaí nó dealbhóireachtaí a raibh tionchar acu ar do rogha.

**25.** *Freagair (i), (ii)* ***agus*** *(iii) thíos.*

(i) Déan anailís ar an leagan amach, ar an soilsiú agus ar an gcur i láthair ginearálta ag taispeántas ealaíne, deartha nó ceardaíochta ar thug tú cuairt air, agus luaigh pé acu an raibh na gnéithe sin éifeachtach nó nach raibh, agus cén fáth.

(ii) Déan cur síos agus mionphlé ar DHÁ lámhdhéantúsán ón taispeántas, agus tagairt i do fhreagra agat d'ábhar an tsaothair, don cheapadóireacht, d'úsáid ábhar agus/nó datha, agus stíle.

(iii) Dé bhrí go bhfuil teacht chomh saoráideach sin anois ar réimse fairsing íomhánna ealaíne, deartha, agus ceardaíochta ar an Idirlíon, an bhfuil gá a thuilleadh le taispeántais thraidisiúnta lonnaithe i ngailearaithe/músaeim? Luaigh cúiseanna le do chuid tuairimí.